Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**13349/22**

**AGRI 519**
**AGRILEG 142**
**WTO 189**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 a mhéid a bhaineann le húdarú a thabhairt chun tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 a mhéid a bhaineann le húdarú a thabhairt chun tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] bunaítear an fhéidearthacht rochtain ar mhargadh an Aontais a thabhairt do tháirgí orgánacha a thagann ó thríú tíortha a aithníodh faoi chomhaontú trádála mar thíortha a bhfuil córas táirgthe iontu lena gcomhlíontar na cuspóirí céanna agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an ráta dearbhaithe comhréireachta céanna agus a áirithítear le rialacha an Aontais.

(2) Le Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle[2], thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha idir an tAontas agus an Airgintín, an Astráil, Ceanada, Cósta Ríce, an India, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas, an Túinéis agus na Stáit Aontaithe.

(3) Chuir an Coimisiún tús leis an gcaibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo faoi Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014[3].. Sa Chinneadh sin cuireadh teorainn ama le ré na caibidlíochta agus níorbh fhéidir í a thabhairt chun críche sular baineadh amach an teorainn ama sin.

---

1 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

2 Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 306, 31.8.2021, lch. 2).

3 Cinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (Féach doiciméad ST 10474/14 ar http://register.consilium.europa.eu).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha leis an gColóim agus le Meicsiceo. Ba cheart an chaibidlíocht sin a dhéanamh ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1345.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú chun an Cholóim agus Meicsiceo a chuimsiú faoina raon feidhme.

(6) Ba cheart na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú chun tagairtí don Cholóim agus do Mheicsiceo a chuimsiú.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an gColóim, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, le Meicsiceo, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d’fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha’;

(2) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

‘1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an gColóim, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, le Meicsiceo, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d’fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha.’;

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad an aguisín.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*